☸An Lúibín☸

20 Samhain 2015

Ceiliúradh an Drochshaoil

Ceiliúreadh Bliantúil an Drochshaoil agus na gCailíní a Tháinig ina nDílleachtaí lena Linn
ag Carraig an Drochshaoil
Burgoyne Reserve, The Strand, cúinne Stevedore Street
Williamstown
2.30 pm Dé Domhnaigh, 22 Samhain 2015



- *Aoi oinigh agus óráidí:* **Ambasadóir na hÉireann, Noel White**
- *Fleascleagan ag an Ambasadóir agus ag sliocht na ndílleachtaí*
- *Moladh na ndílleachtaí:* **Ada Ackerley, staraí áitiúil**
- *Ceol:* **Leo Kelly, Cora and the Cropboys, Kathleen Kiernan and a thuilleadh**
- *Dánta:* **Mary Kenneally, Jake Gallagher**
- *Láithreoir:* **Val Noone**
- *Eagraí:* **Debra Vaughan**

Breis eolais: **Debra Vaughan, Irish Famine Orphan Heritage**
(03) 9397 6619 (fág teachtaireacht le do thoil), <debonairdv@iinet.net.au>

♦❖♦❖♦❖♦

AN NAOÚ COMHDHÁIL ASTRÁLACH UM LÉANN CEILTEACH

Ollscoil Sydney, 27 Máirt go dtí 30 Aoine Meán Fómhair 2016

GLAOCH AR PHÁIPÉIR

Glaotar ar pháipéir fiche nóiméad faoi ghnéanna den Léann Ceilteach. Orthu siúd bheadh seandálaíocht, béaloideas, stair (agus stair an Diaspóra chomhaimseartha san áireamh), teanga, litríocht (agus litríocht Bhéarla san áireamh), ceol agus eile.

Ní mór achoimrí 250 focal a chur tríd an ríomhphost chun an Ollaimh Jonathan Wooding: jonathan.wooding@sydney.edu.au. Ní ghlacfar le hachoimrí a gheofar níos déanaí ná an Luan, 2 Bealtaine 2016. Cuirfear in iúl cé acu cinn ar glacadh leo Dé Luain 16 Bealtaine 2016. An té ar gá dó deimhniú a fháil níos luaithe (ar son iarratas maoinithe nó eile) tá cead aige é sin a iarraidh mar chuid den tairiscint.

Daoine a d'fhéadfadh a bheith páirteach sa chomhdháil iarrtar orthu a n-ainmneacha a chur le bunachar sonraí a chuirfidh ar ár gcumas breis eolais a sholáthar agus spriocdhátaí a chur i gcuimhne dóibh.

Tá Comhdháil Astrálach 2016 um Léann Ceilteach á reachtáil faoi choimirce na Fondúireachta Léinn Cheiltigh in Ollscoil Sydney agus Lárionad Taighde na nDaonnachtaí in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile. Beidh na seisiúin go léir ar siúl ag Príomh-Champas Ollscoil Sydney in Camperdown in Sydney.

♦❖♦❖♦❖♦

Nuachainteoirí

Ré an nuachainteoirí Gaeilge atá againn: daoine cathrach, daoine a thug an Ghaeilge leo ón scoil (nó a tógadh léi i gcathair éigin), daoine a bhfuil dearcadh casta contrártha acu i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta. Tá siad le fáil lasmuigh d'Éirinn freisin – in Melbourne, mar shampla – agus is minic a leithéidí á lochtú as na hathruithe atá ag teacht ar an teanga. Tá staidéar déanta ag Bernadette O'Rourke agus ag John Walsh orthu agus é le fáil ar an *International Journal of the Sociology of Language* (2015).[1]

De réir dhaonáireamh 2011 bhí Gaeilge á labhairt go laethúil ag 77,185 duine (1.8% den phobal) taobh amuigh den chóras oideachais. Bhí a bhformhór (59,230) le fáil lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí Gaeilge á labhairt go seachtainiúil ag 110,642 duine (2.6%). Sin 187,824 duine ar fad, agus d'fhéadfaimis a rá go bhfuil 200,000 cainteoir ann ar a laghad má chuirtear san áireamh roinnt daoine nach labhraíonn Gaeilge chomh rialta sin ach atá measartha líofa mar sin féin.

Is mór an tábhacht, mar sin, atá le nuachainteoirí: 'However, this role is sometimes undermined by ethnocultural discourses about the Irish language which tend to idealise the notion of the traditional Gaeltacht speaker'. Tá baint ag an údaracht, mar sin, le háit agus le ham: le cumha i ndiaidh na seanré.

Ach má chuirtear údarás i leith foinse stairiúil agus féiniúlachta seanbhunaithe, ní mór a aithint freisin go bhfuil an tso-athraitheacht, an t-ilchineálachas agus an neamhsheasmhacht ag teacht chun tosaigh. Tá roinnt idé-eolaíochtaí teanga ann, idir eisintiúlachas, fhorléiriú sóisialta (cruth áirithe a chur ar an saol) agus eile. Deir na húdair: 'As our data will reveal, becoming a new speaker is also deeply reflexive and relies on innovative and creative linguistic choices which were far less readily available to earlier generations of Irish speakers'.

Déantar an cainteoir dúchais a idéalú agus a réadú fós; ní gá ach a chuimhneamh ar an mionstaidear atá déanta ar chanúintí agus ar fhoilsiú dírbheathaisnéisí dúchasacha. I suirbhé de chuid na bliana 1997, dúirt mórán daoine go bhfaigheadh an Ghaeilge féin bás má théann an Ghaeltacht i léig.

Is minic a chuimhnítear ar an nGaeilge is fearr mar rud atá daingean agus buan – caint na seanfhundúirí.[2] Ach mar a deir na húdair: 'New types of relations and hierarchies have been created in new language environments.

[1] Bernadette O'Rourke agus John Walsh, 'New Speakers of Irish: shifting boundaries across time and space,' *International Journal of the Sociology of Language*, 1 Eanáir 2015: 231: 63-83.

New domains of language use have emerged and the language is being transformed in new spaces'. Tá an méid sin aitheanta anois sa reachtaíocht, áit a ndéantar trácht ar 'ghréasán Gaeilge' ar féidir é a shonrú mar 'shainphobal'.

Cuireadh agallamh ar 54 nuachainteoir. Bhí an-fhlúirse tuairimí acu, ach bhí meas acu go léir ar an gcainteoir dúchais. Mar sin féin, bhí meas acu orthu féin mar ghrúpa ar leith. Shíl duine amháin (agus seo tuairim a bheadh ag roinnt mhaith daoine eile, is dócha) gur chóir do gach cainteoir dúchais ceart stairiúil na Gaeilge a bheith aige. Admhaítear, áfach, go raibh lear cainteoirí maithe lasmuigh den Ghaeltacht, cé nach deacair an 'Ghaelscoilis' a lochtú. Mothaítear uaireanta go raibh easpa díograise ar mhuintir na Gaeltachta i leith na teanga.

Maíonn na húdair go bhfuil modhanna úsáide na Gaeilge ag athrú ó bhonn le céad bliain anuas. I dtús an fichiú haois ba í Gaeilge na gcainteoirí dúchais a bhí i réim agus í le fáil amuigh faoin tuath amháin. Sa chéad chuid den aonú haois is fiche tá sí le fáil faoin tuath agus sa chathair, í á labhairt ag nuachainteoirí den chuid is mó agus seanfhoirmeacha agus foirmeacha nua ag teacht le chéile. Deir na húdair: 'This is a direct result of the state's revival policy and wider socio-political agus socio-economic changes which have fundamentally changed the social structure of the Gaeltacht'.

Níl aon amhras ná go bhfuil deireadh leis an nGaeltacht mar a bhí sí caoga bliain ó shin. Níl dlús inti anois. Ba dheacair a áitiú, áfach, gurb é beartas athbheochana an Stáit is cionsiocair le fás na Gaeilge i réimsí eile, cé gur cinnte nach raibh an obair gan fónamh ar fad. Aníos an tháinig an chuid is mó den bhorradh, agus mar sin a bheidh an scéal feasta.

♦❖♦❖♦❖♦

Iomramh curaigh Maoile Dúin

An dara cuid de leagan de 'Iomramh curaigh Maoile Dúin' (*Immram curaig Máeil Dúin*) i nGaeilge an lae inniu. Tá leagan Meán-Ghaeilge de le fáil in *Leabhar na hOidhre* (*Lebor na hUidre*) agus an leabhar uile le fáil ag **http://www.ucc.ie/celt/online/G301900/**. Tá cuid den scéal ar lár sa leagan úd, agus caithfear é a chur in iúl anseo. Chuir Maoil Dúin chun na farraige i gcurach in éineacht lena thriúr comhaltaí agus lena chompánaigh eile, agus chonaic siad roinnt oileán iontach. Ansin tháinig siad go dtí oileán mar a raibh crainn agus úlla móra órga ag fás orthu, úlla a mbíodh ainmhithe gearra mucúla á n-ithe. In uaimheanna a bhí na hainmhithe sin ina gcónaí. D'fhágadh na héin an t-oileán ar maidin agus thagadh ar ais tráthnóna. Bhí Maoil Dúin agus a chompánaigh ag féachaint ar na hainmhithe, mar a leanas.

Cuid 2

> Lomaidís na húlla agus d'ithidís iad. 'Téimis,' a dúirt Maoil Dúin, 'san oileán. Ní deacra dúinne é a dhéanamh ná do na héin.' Chuaigh fear diobh chun an oileáin a fheiceáil agus d'fhógair sé a chompánaigh chuige i dtír. Ba the é an talamh faoina gcosa mar ba thintrí iad na hainmhithe, agus dhéanaidís an talamh a théamh os a gcionn. Thug siad beagán de na húlla leo an chéad lá agus d'ithidís ina gcurach iad. Nuair a bhíodh sé ina mhaidin d'imíodh na héin ón oileán agus iad ag snámh sa mhuir. Ansin thógadh na hainmhithe tintrí a gcinn as na huaimheanna agus d'ithidís na húlla go dtí dul faoi na gréine. Nuair a chuirtí ar ais ina n-uaimheanna iad théadh na héin ina n-áit ag ithe na n-úll. Chuaigh Maoil Dúin lena mhuintir ansin agus chruinnigh a raibh ann de na húlla an oíche sin. Choisceadh na húlla gorta agus tart. Ansin líon siad a gcurach de na húlla de réir mar ba mhaith leo agus chuaigh ar muir arís.
>
> Ansin d'ith siad na húlla go léir agus ba mhór a ngorta agus a dtart, agus bhí a mbéil agus a sróna lán de bhréantas na mara. Chonaic siad oileán nár mhór agus dún ann agus múr geal ard amhail is ba d'aol comhbhruite a rinneadh é nó amhail is b'aonchloch chailce uile é. Ba mhór a airde ón muir ach amháin nár shroich sé na néalta. B'áibhéil é an dún. Tithe sneachtúla mórgheala um an múr. Chuaigh siad isteach sa teach ba mhó díobh agus ní fhaca siad neach ann ach cat beag a bhí sa lár ag súgradh ar na ceithre cholún cloiche a bhí ann. Léimeadh sé de gach colún ar cheann eile. D'fhéach sé beagán ar na fir

[2] Cuimhnímis, áfach, ar shaothar Shéamais Uí Dhireáin, a thaispeáin cá mhéad nuálaíocht atá i nGaeilge Inis Oírr. Féach 'Gaeilge Ghuagach Oileáin Árainn' in *An Lúibín*, 1 Samhain 2015, uimh. 236.

agus níor stad sé dá shúgradh. Do chonaic siad ina dhiaidh sin trí shraith i bhfraigh[3] an tí máguaird ó ursain go hursain. Sraith ar dtús de dhealgaibh óir agus airgid agus a gcosa sa fhraigh; sraith de mhuincí óir agus airgid agus gach ceann díobh mar fhonsaí dabhcha; an treas sraith de chlaímhte móra le doirn óir agus airgid. Lán na gcillíní de chuiltí geala agus d'éadaí lonracha ann. Damh bruite ann agus tine sa lár agus miasa móra le leann maith meisciúil. 'An dúinne do fágadh é seo?' ar Maoil Dúin leis an gcat.

D'fhéach sé siúd go tobann air agus chuaigh ag súgradh arís. D'aithin Maoil Dúin ansin gur dóibh a cuireadh an phroinn ann. D'ith siad ansin agus d'ól siad agus chodail siad. Thug siad fuíoll an leanna leo i mbuidéil leathair agus chuir siad fuíoll an bhia i dtaisce. Nuair a bhí siad chun imeacht dúirt an tríú comhalta ag Maoil Dúin: 'An mbéarfaidh mé liom ceann de na muincí seo?'

'Ná déan,' a dúirt Maoil Dúin, 'ní gan choimhéad atá an teach'.

Rug an comhalta leis é, áfach, go dtí lár an leasa. Chuaigh an cat ina ndiaidh agus léim tríd amhail saighead tine agus loisc é go dtí gur luaithreach é, agus d'imigh arís nó go raibh sé ar a cholún. Chiúnaigh Maoil Dúin an cat ansin lena bhriathra agus chuir an mhuince ar ais ina hionad agus ghlan an luaithreach de lár an leasa agus chart ar thrá na mara é. D'imigh siad ansin ina gcurach, agus mhol siad agus d'adhair siad an Coimdhe.[4]

Go moch ar maidin trí lá chonaic siad oileán eile agus sonnach umha thar a mheán a roinn an t-oileán ina dhá leath. Agus chonaic siad tréada móra de chaoirigh ann: tréad dhubh ar an taobh abhus den sonnach agus tréad gheal ar an taobh thall. Agus chonaic siad fear mór ag dealú na gcaorach ó chéile. Nuair a chaitheadh sé caora dhubh thar an sonnach d'éiríodh sí fionn ar an bpointe boise. Tháinig imeagla orthu á fheiceáil sin. 'Ní fearr rud a dhéanfaimis,' a dúirt Maoil Dúin, 'ná dhá bhonsach a chaitheamh san oileán. Dá gclaochlóidís dath, chlaochlóimis féin dá rachaimis ann.' Chaith siad bonsach le rúsc dubh sa leath a raibh na caoirigh fionna, agus d'éirigh sí fionn láithreach. Agus chaith siad bonsach scafa gheal sa leath a raibh na caoirigh dubha agus d'éirigh sí dubh láithreach. 'Seachnaímis,' a dúirt Maoil Dúin, 'an rachaimis san oileán, ó nárbh fhearr ár ndath ná dath na mbonsach.' Chuaigh siad ar gcúl ón oileán le himeagla.

Trí lá ina dhiaidh sin thug siad faoi deara oileán mór leathan eile agus tréad muc álainn ann. Mharaigh siad banbh beag díobh. Theip orthu ansin é a bhreith leo chun é a róstadh, agus chruinnigh siad timpeall air. Réitigh siad ansin é agus rug isteach sa churach chucu é.

♦❖♦❖♦❖♦

Sliocht na bhfear: sinsearacht agus an Y-chrómasóm

Le tamall de bhlianta anuas tá daoine de shliocht Éireannach (bíodh an sliocht sin beag nó mór) ag ceangal DNA le sloinnte áirithe chun a fháil amach an bhfuil an sinsearach fireann céanna (taoiseach, b'fhéidir, nó rí) acu féin agus a léithéidí eile. Baineann siad tairbhe as haplaghrúpaí chuige: grúpaí géiniteacha pobail a bhfuil sinsearach coiteann acu ar an máthairlíne nó ar an athairlíne. I bpobail athairlíneacha is minic baint idir haplaghrúpa áirithe agus sloinne áirithe: más Brianach thú is dócha go bhfuil sinsearach coiteann agat féin agus Brianaigh eile. Is féidir le fir tástáil DNA a fháil déanta agus toradh na tástála sin a chur le 'tionscadal sloinne DNA' a bhaineann le fir eile a bhfuil sloinne áirithe acu. Tá tábhacht ar leith, mar sin, leis an Y-chrómasóm, an rud a chinntíonn gnéas na bhfear.

Is beag an t-ionadh go bhfuil an-suim ag grúpaí sloinne an 'Diaspóra' Éireannaigh san obair seo, go háirithe sna Stáit. Scéal é seo nár lig scoláirí éigin tharstu é. Orthu sin tá Catherine Nash, údar ar tháinig a leabhar *Of Irish Descent* amach sa bhliain 2008 agus a scagann ann na grúpaí úd 'whose newly geneticized accounts of ancestry and relatedness are now refiguring the diaspora as genetically differentiated according to patterns of paternal

[3] Fraigh : an taobh istigh den bhalla.

[4] An Coimdhe: Dia.

descent, and reigniting older claims that histories of settlement in Ireland can be detected in the bodies of the island's inhabitants'.[5]

Déanann Nash tagairt don tuairim go bhfuil tábhacht le sinsearacht mar fhoinse nádúrtha féiniúlachta. Cuireann sí i gcuimhne dúinn freisin gur casta an gaol atá idir oidhreacht géiniteach agus timpeallacht, agus déanann tagairt don 'genetic muddle that is the product of centuries of human migration and mixing'.[6] (Níl ach an séú cuid déag de d'oidhreacht ghéiniteach le fáil ón sinseanathair a thug do shloinne duit.) Agus ó thaobh na staire de, níl sé chomh fada sin ó tháinig sloinnte ar an bhfód. Ní thabharfaidh siad siar go deo thú.

Mhéadaigh meath na Gaeilge ar an mearbhall. D'aistrigh muintir Chearbhaill a sloinne go 'Cardwell,' d'aistrigh muintir Dhreáin a sloinne go 'Adrian' nó go 'Hawthorne' ('droighneán'), agus d'fhéadfadh 'Neill' a eascairt ó mhuintir Néill Uladh, ó mhuintir Néill Inse Ghall nó ó Mhac an Fhilidh.

Níl an Y-chrómasóm gan fónamh i gcúrsaí taighde ghéinitigh, mar sin féin. Ach níl ann ach cuid den scéal. Cuimhnímis ar ghinealaigh na mban. Is beag baint atá acu sin le sloinnte i bpobal athairlíneach, ach ligeann DNA miteacoindreach (mtDNA) do bhean a líne ghéiniteach a rianú siar agus siar arís, mar rud a fhaigheann iníonacha óna máithreacha ó ghlúin go glúin ach nach dtig le fir a fhágáil mar oidhreacht ag a gclann mhac.
.

> Though geneticists often combine their accounts of the natural significance with accounts of how patrilineal surnames only parallel a very tiny proportion of a man's genetic inheritance, in practice the Y chromosome is overworked. It is made to stand for much broader patterns of relatedness, difference, divergence, migration, and origins – individual, collective, human.[7]

Ach cuirtear béim i gcónaí ar chinnteachas nó ar eisintúlachas géiniteach i gcuntais ar nádúr an duine agus ar an tsochaí dhaonna.

Tá eolas géiniteach ginealaigh ag brath go mór ar haplaitíopaí: sainghrúpaí géinte a fhaigheann duine mar oidhreacht ó thuismitheoir amháin. Is féidir an téarma a shainmhíniú ar chúpla bealach: seichimh[8] áirithe i gcnuasach géinte (ar chrómasóm) a fhaightear le hoidhreacht agus gan mórán athrú ó ghlúin go glúin; nó cnuasach sóchán[9] i ndeighleán[10] géiniteach. Ní i haplaghrúpa ach sócháin a bhaineann le cnuasach áirithe de haplaitíopaí a thagann ó shinsearach coiteann. Tugtar 'clád' ar an gcnuasach sin.

Tá an chuid is mó dár gcuid DNA le fáil i struchtúir nó i mbearta a dtugtar crómasóim orthu. Is é an Y-chrómasóm an ceann firinscneach agus níl ach aon chóip amháin den chrómasóm úd ag fear ar bith (de ghnáth). Tá an crómasóm céanna ag an bhfear úd is a bhí ag a shinsearaigh roimhe, seachas cúpla sóchán; agus is féidir ginealaigh fhirinscneacha a idirdhealú de réir charnadh na sóchán úd. Is féidir tástáil DNA a dhéanamh ar fhear agus an toradh a chur i gcomórtas le toradh tástála fir eile chun a dhéanamh amach cén uair a bhí sinsearach coiteann acu.

Comhoiriúnú

Déantar comhoiriúnú[11] ar dhá bhealach: *comhoiriúnú haplabhloic* agus *anailís bhithgheografach*. Comhaireann an chéad cheann uimhir agus méid na mbonnfhad[12] comhoiriúnaithe sa DNA ó phointe amháin go dtí pointe eile. Is féidir ansin an méid glún a bheadh idir dhá dhuine a mheas. Déanann an dara ceann iarracht ar DNA an duine a chur i gcomórtas leis an DNA atá le fáil i bpobal áirithe in áit áirithe.

Le léamh

[5] Nash, lch 23.
[6] Nash, lch 193.
[7] Nash, lch 200.
[8] Seicheamh: 'sequence'
[9] Sóchán: 'mutation'
[10] Deighleán : 'segment'
[11] Comhoiriúnú: 'matching'
[12] Bonnfhad: 'run'

Catherine Nash (2008). *Of Irish Descent: Origin Stories, Genealogy, & the Politics of Belonging*. Syracuse University Press.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au*.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leaganacha simplithe

Sliocht na bhfear: sinsearacht agus an Y-chrómasóm

Tá daoine ag iarraidh a gcuid DNA a cheangal leis an sloinne atá orthu chun a fháil amach an bhfuil an sinsearach fireann céanna acu is atá ag daoine eile an sloinne sin orthu. Más fear thú agus 'Ó Briain' ort, b'fhéidir go mbeadh an sinsearach céanna agat is atá ag fir eile a bhfuil Ó Briain orthu: sinsearach éigin a bhí beo na céadta bliain ó shin. I bhfocail eile, bheadh an haplaghrúpa (grúpa géiniteach) céanna agaibh go léir agus é ag brath ar an Y-chrómasóm. Sin crómasóm a chinntíonn gnéas na bhfear.

Tá suim mhór ag cuid fear den Diaspóra Éireannach sa ghnó sin. Tá suim ag scoláirí éigin i ndearcadh na bhfear úd. Orthu sin tá Catherine Nash, a scríobh leabhar faoi scéal. Déanann sí tagairt do 'newly geneticized accounts of ancestry and relatedness'. Cuireann sí i gcuimhne dúinn go bhfuil gaol casta idir géinte agus timpeallacht agus gur rud nádúrtha é 'genetic muddle'.

Níl an Y-chrómasóm gan fónamh i gcúrsaí taighde, ach tá tábhacht freisin le DNA miteacoindreach na mban. Sin DNA a fhaigheann iníonacha óna máithreacha ó ghlúin go glúin. I bpobal athairlíneach níl baint aige le sloinnte.

.

Tá an t-eolas géiniteach seo ag brath go mór ar haplaitíopaí (grúpaí géinte i gcrómasóm). Is struchtúr nó 'ciseán' an crómasóm agus géinte istigh ann. Tagann athrú beag orthu le himeacht aimsire. Cuidíonn an t-athrú sin le comparáid a dhéanamh idir ginealaigh.

Nuachainteoirí

Seo ré an nuachainteoirí Gaeilge: daoine cathrach (daoine 'uirbeacha'). Tá staidéar déanta ag Bernadette O'Rourke agus ag John Walsh, beirt scoláirí, orthu.

De réir dhaonáireamh 2011 in Éirinn bhí Gaeilge á labhairt go laethúil ag 77,185 duine (1.8% den phobal) taobh amuigh den chóras oideachais. Bhí a bhformhór (59,230) le fáil lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí Gaeilge á labhairt go seachtainiúil ag 110,642 duine (2.6%).

Cé go bhfuil an oiread sin nuachainteoirí ann, luann O'Rourke agus Walsh 'ethnocultural discourses about the Irish language which tend to idealise the notion of the traditional Gaeltacht speaker'.

Mar sin féin, tá saol na Gaeilge ag athrú agus tá i bhfad níos mó roghanna ann maidir le nádúr agus le húsáid na teanga. Ach déantar an cainteoir dúchais a idéalú fós.Síltear go bhfuil an Ghaeilge is fearr ag seanchainteoirí na Gaeltachta agus nach ceart don Ghaeilge sin athrú. Ach athraíonn sí mar sin féin, go háirithe i dtimpeallacht nua.

Chuir O'Rourke agus Walsh agallamh ar cheithre nuachainteoir is caoga. Bhí meas acu go léir ar an gcainteoir dúchais, ach bhí meas acu orthu féin freisin mar ghrúpa ar leith.

Ba iad na cainteoirí dúchais ba láidre anuas go dtí an fichiú haois, ach anois is iad na nuachainteoirí cathrach is láidre. Tharla sé sin de bharr bheartas athbheochana agus de bharr na n-athruithe a tháinig ar mhuintir agus ar gheilleagar na Gaeltachta.